

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2021

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
www.tuairisc.ie;
www.cogg.ie; www.gaeloideachas.ie; www.nós.ie

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2021.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (an CNCM). Tá leagan Gaeilge de Ghluais Mhatamaitice na CNCM ar fáil anois. Is acmhainn í seo a thacóidh le Curaclam Matamaitice na Bunscoile. Cabhróidh an ghluais le múinteoirí nuair a bheidh ceachtanna matamaitice á bpleanáil acu agus cabhróidh an ghluais le tuismitheoirí nuair a bheidh siad ag plé le hobair bhaile a bpáistí.

Tugtar sainmhínithe i nGaeilge shimplí ar théarmaí coitianta matamaitice sa Ghluais Mhatamaitice agus tá léaráidí cabhracha in aice le roinnt de na téarmaí. Mínítear téarmaí ar nós: comhthreomhar, dronuillinn, fachtóir, meán agus mód.

Is féidir an acmhainn iontach seo a fháil ar shuíomh idirlín na CNCM. Tá an CNCM tiomanta do bheith ag comhoibriú le foghlaimeoirí, múinteoirí agus tuismitheoirí agus is féidir teagmháil a dhéanamh linn trí ghlaio a chur orainn ag: 01 6617177.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn *Spraoi* go bhfuil folúntas acu do Mhaoirseoir Foirne. Is é an príomhdhualgas a bheidh ar an duine a cheapfar ná foireann de chúigear cúntóirí a bhainistiú.

Cuireann *Spraoi* clár iarscoile ar fáil do pháistí bunscoile. Bíonn béim ar an súgradh agus cinnítear go mbíonn atmaisféar difriúil ón seomra ranga sa chlár. Cabhraítear le páistí a n-obair bhaile a dhéanamh ar a luas féin ach tugtar go leor deiseanna, freisin, do pháistí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus spóirt.

Tá tuilleadh eolais ar fáil trí ríomhphost a chur chuig orlaith@spraoi.ie. Is féidir litir iarratais agus CV a sheoladh chuig: An Bainisteoir, *Spraoi*, Indreabhán, Contae na Gaillimhe. Is é an spriocdháta d'iarratais ná an seachtú lá de Mheán Fómhair. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó *Gaeleideachas* faoin scéim ‘Ar Scáth a Chéile.’ Sa scéim seo, cuireann *Gaeleideachas* deontas de chúig chéad euro ar fáil chun cabhrú le scoileanna imeachtaí gairmiúla a eagrú le scoileanna eile ina réigiún. Is í an aidhm atá leis an scéim ná a chur ar chumas múinteoirí bualadh le múinteoirí ó scoileanna eile chun a bheith ag foghlaim óna chéile.

Mar chuid den scéim, d’fhéadfaí forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí a eagrú nó d’fhéadfaí teacht le chéile a eagrú do phríomhoidí chun ceisteanna ceannaireachta a phlé. Is féidir leis na himeachtaí a bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil.

Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime ar fáil trí ríomhphost a chur chuig ciara@gaeleideachas.ie agus fáiltíonn *Gaeleideachas* roimh cheisteanna faoin scéim. Is féidir ceisteanna a ardú trí scairt a chur ar Ciara ag 018057736.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

Ciarán: Tá brón orm, a Chaitríona, go bhfuilim déanach, ach chaill mé an bus ar a leath uair tar éis a dó agus bhí orm fanacht do cheann eile.

Caitríona: Ná bí buartha, a Chiaráin. Tá foireann camógaíochta na gcailíní sóisearacha fós ar an bpáirc ag traenáil. Theastaigh uaim bualadh leat anseo chun labhairt faoi thairiscint atá agam duit.

Ciarán: Tairiscint. Cén tairiscint í sin?

Caitríona: An mbeadh spéis agat a bheith i do bhainisteoir orthu?

Ciarán: Bainisteoir ar fhoireann na gcailíní?

Caitríona: 'Sea. Tá taithí agat mar roghnóir, is múinteoir bunscoile thú le scileanna múinteoireachta den scoth agus tá Gaeilge líofa agat.

Ciarán: Ach níl aon taithí agam mar bhainisteoir, a Chaitríona.

Caitríona: Níl ach beidh mé in ann cúnaimh a thabhairt duit ag an tús agus d'fhéadfá cúrsa sa chóitseáil foirne a dhéanamh le Cumann Lúthchleas Gael ansin.

Ciarán: An gcuireann siad cúrsaí den chineáil sin ar fáil?

Caitríona: Cuireann. Beidh an chéad chúrsa eile ar siúl ar an dara deireadh seachtaine i Mí Mheán Fómhair. Bíonn na cúrsaí sin go hiontach. Cuireann siad béim ar an spraoi agus ar chothú na féinmhuiníne.

Ciarán: Bheadh sé sin an-spéisiúil.

Caitríona: Bheadh ort dul trí ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, ar ndóigh, ach tá taithí agat air sin ón scoil.

Ciarán: Tá go cinnte. 'Bhfuil a fhios agat, a Chaitríona, tá an-spéis agam i do thairiscint ach beidh orm labhairt le mo bhean chéile, Sorcha, ar dtús. An mbeadh sé ceart go leor dá dtiocfainn ar ais chugat le freagra ag deireadh na seachtaine seo chugainn?

Caitríona: Bheadh sé sin go diail, a Chiaráin! Go raibh míle maith agat!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Bríd: Dia duit, a Éamonn. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Treasa)
- Éamonn: Dia is Muire duit, a Bhríd. Táim go maith. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Seosamh)
- Bríd: Táim thar cionn. Cogar! Ar chuala tú an leagan nua d'amhrán na *Sawdoctors* faoin N17 (N a seacht déag) fós?
- Éamonn: Níor chuala. Cheap mé go raibh na *Sawdoctors* éirithe as le fada.
- Bríd: Tá siad. Sílim gur tháinig deireadh leo mar bhanna ceoil sa bhliain dhá mhíle agus a seacht déag ach ní hiad na *Sawdoctors* a chanann an leagan nua seo den amhrán.
- Éamonn: Agus cé atá á chanadh?
- Bríd: Tolü Makay is ainm don amhránaí agus is í Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ atá á tionlacan. Gavin Murphy a rinne an ceol a chóiriú.
- Éamonn: Níor chuala mé ainm an amhránaí sin riamh roimhe seo.
- Bríd: Bhuel! Cloisfidh tú fúithi go minic amach anseo, déarfainn. Tá tallann inti. An gcreidfeá go bhfuil os cionn milliún duine tar éis féachaint ar a leagan den amhrán ar *YouTube*?
- Éamonn: Tá sé sin dochreidte! Agus an Éireannach í?
- Bríd: Bhuel! Tá cúlra an-spéisiúil ag Tolü Makay. Rugadh í sa Nigéir agus tógadh í i gContae Uíbh Fhailí.
- Éamonn: Caithfidh mé éisteacht leis an amhrán seo ar *YouTube*!
- Bríd: Ó! Caithfidh tú. Tá sé go hálainn ar fad ach tabhair aire... Thosaigh Graham Norton ag caoineadh nuair a chuala sé é den chéad uair!
- Éamonn: Níl aon bhaol ann go dtosóidh mise ag gol mar gheall ar amhrán!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

Dónal: Dia duit a Mhoya. Ní fhaca mé thú le fada! Cad é mar a tharlaíonn sé go bhfuil tú ar an taobh seo den bhaile?

Moya: Dia is Muire duit, a Dhónail. An gcreidfeá go bhfuilim díreach tar éis gluaisteán níos úire a cheannach!

Dónal: Maith thú! Comhghairdeas leat! Cár cheannaigh tú é?

Moya: Bhuel! Chuala mé fógra ar an raidió an tseachtain seo caite do Mhótair Mhic Fhionnlaigh anseo i Leitir Ceannainn. Bhuil mé isteach chucu daichead bomaite ó shin, labhair mé leis an bhainisteoir agus tá an margadh déanta!

Dónal: Cad é a cheannaigh tú?

Moya: *Peugeot* dhá mhíle agus a hocht. Tá sé dhá bliain d'aois agus ní raibh sé ró-chostasach. Fuair mé é ar fhiche míle euro.

Dónal: Rinne tú margadh ar dóigh. Is gluaisteán breá mór é sin.

Moya: Leis an bheirt pháistí, tá gluaisteán mór de dhíth orainn anois. Bíonn a spás féin ag teastáil ó achan duine.

Dónal: Cén aois atá ag an ghirseach is óige anois?

Moya: Tá sí trí bliana d'aois. Fásann siad aníos go han-tapa.

Dónal: Is fíor duit. Tá an buachaill is sine againne – Cormac - cúig bliana déag d'aois i mbliana.

Moya: Tá sé sin dochreidte. An mbeidh an Teastas Sóisearach á dhéanamh aige i mbliana?

Dónal: Beidh. Tá sé doiligh a chreidiúint ceart go leor.

Moya: Bhuel, a Dhónail. Caithfidh mé rith. Beidh siad go léir ag iarraidh an gluaisteán a fheiceáil sa bhaile. Tchífidh mé thú!

Dónal: Ádh mór, a Mhoya!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Téann grúpa d'fhiche duine ag snámh san fharraige lasmuigh den Daingean ag éirí na gréine gach Domhnach. “Snámh don Anam” a thugann an grúpa orthu féin. Is iad Nell Ní Chíobháin agus Enya Sheehy ó Chorca Dhuibhne a bhunaigh an grúpa nuair a bhog siad ar ais ó Chathair Chorcaí go Ciarraí ag tús na paindéime.

Bogann an grúpa timpeall ó thrá amháin go trá eile agus tá siad tar éis a bheith ag snámh ag Trá Fhionntrá, ag Trá an Fhíona agus ag an mBín Bán cheana féin. De ghnáth tar éis an tsnáma, bíonn muga tae nó caife ag baill an ghrúpa le chéile agus bíonn píosa cainte acu ar an trá, as Gaolainn, ar ndóigh.

Agus í ag caint leis an tuairisceoir teilifíse, Séan Mac an tSíghigh, dúirt Nell Ní Chíobháin go gcreideann sí go ndéanann an snámh maitheas don intinn agus don chorp agus nach gcuireann an fuacht isteach ar aon duine.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

An tseachtain seo caite, ceapadh Saileog Ní Cheannabháin mar Amhránaí Cónaitheach ar an Sean-Nós in Ionad Léann na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Is amhránaí ar an sean-nós, ceoltóir agus cumadóir í Saileog a tógadh le Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Is as Carna dá hathair, Peadar Ó Ceannabháin, agus tá clú airsean, freisin, mar amhránaí. Is veidhleadóir clasaiceach í a máthair, Úna Lawlor. Tá dhá albam d'amhráin eisithe ag Saileog agus fuair an dá albam léirmheasanna den chéad scoth.

Dúirt an Dochtúir Méabh Ní Fhuartháin, ó Ionad Léann na hÉireann, go raibh sí thar a bheith sásta go mbeadh Saileog ag cur sraith fhíorúil de cheardlanna ar fáil d'fhoireann agus do mhic léinn na hollscoile i bhfómhar na bliana seo.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tá clár speisialta á chur le chéile ag RTÉ Raidió na Gaeltachta faoi stair Choláiste Bhríde, Rann na Feirste agus is é Damien Ó Dónaill a chuirfidh an clár i láthair. Is as ceantar Rann na Feirste do Damien ó dhúchas.

Tá Coláiste Bhríde ar cheann de na coláistí Gaeltachta is sine agus is cáiliúla sa tír. Bunaíodh an Coláiste sa bhliain naoi déag agus a dó dhéag, agus reáchtátaí na cúrsaí samhraidh in Ó Méith, Contae Lú, ar dtús. Ansin, aistríodh an coláiste go Rann na Feirste, áit a raibh an Ghaeilge níos láidre. D'fhreastail barraíocht daoine cáiliúla ar an gcoláiste thar na blianta. Ina measc bhí, Éamon de Valera, TK Whitaker, Phil Coulter agus Tomás Ó Fiaich.

Dúirt Gearóid Mac Donncha, Ceannaire Raidió na Gaeltachta, go mbeadh an clár ar siúl ar an Lá Saoire Bainc, an dara lá de Mhí Lúnasa, ar a haon déag a chlog ar maidin, agus go gcuirfeadh iar-scoláirí de chuid an choláiste suim mhór san ábhar.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.